# Sprioc-chláir Airgid

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais - Airgead<br>Uimhreas<br>*Comhtháthú - Teanga, OSIE* |
| **Scileanna Forbartha** | • Ábhair agus próisis oiriúnacha a roghnú le haghaidh tascanna matamaiticiúla<br>• Torthaí gníomhaíochtaí matamaiticiúla a chlárú go nithiúil agus léaráidí, pictiúir agus uimhreacha a úsáid chuige sin<br>• Smaointe matamaiticiúla a shealbhódh sé/sí go neamhfhoirmiúil a cheangal le hidéanna foirmiúla |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | boinn, cent, níos mó ná, níos lú ná |
| **Áiseanna** | sprioc-chláir shamplacha, Uirlis Airgid Mol Mata, fíorbhoinn agus boinn bhréige |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Réamhobair leis na boinn – téigh siar ar na boinn dhifriúla suas le 5c/10c. Glaonn an múinteoir ainm boinn amach agus taispeánfaidh na daltaí an bonn sin. Cleachtaigh leis na boinn eile le haithint na mbonn agus tuiscint orthu a dhaingniú. Cuir na boinn in ord a luacha agus déan taifead de na freagraí. Taispeáin ar Uirlis Airgid Mol Mata na bealaí éagsúla le méideanna ar leith airgid a dhéanamh, m.sh. 3c, 4c, 5c srl.

### 2 Gníomhaíocht 2

Cruthaigh sprioc-chlár airgid a oireann don aoisghrúpa. Cuir an sprioc-chlár i láthair don rang agus cuir ceisteanna chun fiosrú (féach ar na ceisteanna samplacha thíos). Is féidir leis na daltaí méideanna airgid comhfhreagracha agus fíorbhoinn, nó boinn bhréige, nó an Uirlis Airgid Mol Mata in úsáid acu.

### 3 Gníomhaíocht 3

Iarr orthu a gceisteanna féin bunaithe ar an sprioc-chlár a chruthú. Iarr orthu a gceisteanna a mhalartú le grúpaí difriúla agus na freagraí a roinnt.

### 4 Gníomhaíocht 4

I mbeirteanna, cruthaíonn daltaí a gcuid sprioc-chláir airgid. Roghnaíonn siad méideanna difriúla airgid agus cruthaíonn siad sraith ceisteanna. Ansin, is féidir leo iad seo a mhalartú le grúpaí eile sa rang.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é an tsuim airgid is mó/is lú?<br>• Cad atá agam nuair a shuimím x agus y?<br>• Cad é an difríocht idir x agus y?<br>• Cad iad na méideanna ar an sprioc-chlár nach féidir a dhéanamh ag úsáid bonn 10c amháin? | • Cé mhéad caoi dhifriúil ar féidir liom ___ a bhaint amach?<br>• Cad is féidir leat a cheannach le _____?<br>• Cad iad na boinn atá ag teastáil uait chun an méid seo a dhéanamh?<br>• Cén cineál ceiste is féidir a chur faoin gclár seo/faoin méid airgid seo? |

## Difreáil

Socraigh suimeanna airgid, nodaireacht, méid an sprioc-chláir agus réimse ceisteanna de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.